

Growing the success of Irish food & horticulture

Bord Bia
Irish Food Board

Bord Bia
Scéim na Gaeilge

Faoi Alt 11
d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

2014-2017

Clár

1. Réamhrá agus Cúlra	2
2. Struchtúr Bhord Bia.....	4
2.1 Forléargas ar Bhord Bia.....	4
2.2 Seirbhísí Bhord Bia.....	6
2.3 Cairt Eagraíochta	7
3.1 An Cúlra.....	7
4. Athbreithniú agus Monatóireacht.....	11
5. Foilsiú na Scéime Comhaontaithe.....	12
Aguisíní	13
Aguisín 1 – Seirbhísí Bhord Bia chomh maith leo siúd atá leagtha amach in 2.2...13	
Aguisín 2 – Cairt Seirbhíse.....	17

1. Réamhrá agus Cúlra

Réamhrá

Is í an aidhm le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 cur le agus feabhas a chur ar chainníocht agus ar cháilíocht na seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí don phobal ar bhealach eagraithe thar thréimhse ama. D'ullmhaigh Bord Bia an Scéim seo den bhun Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (an tAcht).

Déanann Alt 11 den Acht foráil go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Dréachtscéim ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- *trí mheán na Gaeilge amháin*
- *trí mheán an Bhéarla amháin, agus*
- *trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon*

agus do na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn Bord Bia trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse ama comhaontaithe. Beidh aird ag mionsonraí na scéime seo agus scéimeanna amach anseo:

- ar bhunleibhéal an éilimh ar sheirbhísí sainiúla sa Ghaeilge i gcomhthéacs soláthar dearfach.
- ar na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais agus cumas Bhord Bia an acmhainn teanga atá riachtanach a rochtain nó a fhorbairt.

Déanfaidh Bord Bia le comhaontú an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta cinneadh maidir leis an ord ina dtabharfar tosaíocht do sheirbhísí áirithe ar mhaithe lena soláthar i nGaeilge agus ar na hamscálaí a bhaineann leo i bhfianaise an bhreithnithe sin.

Treoirínte maidir le hullmhú Scéime

Rinneadh an scéim seo a tharraingt suas de réir na dtreoirínte a bhí ullmhaithe ag an Roinn, Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ullmhaíodh an Dréachtscéim seo tar éis dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus le geallsealbhóirí ionadaíocha.

Rinne Bord Bia suirbhé ar chuideachtaí bia agus dí agus ar ghnólachtaí Éireannacha i mí na Nollag 2012 agus ó shampla de 250 cuideachta a ndearnadh suirbhé orthu, bhreithnigh thart ar 8% go raibh sé tábhachtach go mbeadh ar chumas Bord Bia roinnt dá chuid seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge amach anseo. Chomh maith leis sin, fuair Bord Bia líon beag aighneachtaí tar éis fógra a foilsíodh sna meáin náisiúnta an 21 Eanáir 2012 ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara maidir le Dréachtscéim a ullmhú.

Chuir na haighneachtaí agus an suirbhé sin eolas ar fáil d'fhoirmliú na Scéime agus fuarthas tuairimí ó chomhaltaí foirne Bhord Bia freisin.

Ábhar na Scéime Teanga

Is trí Bhéarla den chuid is mó a sholáthraítear seirbhísí Bhord Bia i láthair na huaire ach freagraítear fiosrúcháin trí Ghaeilge i nGaeilge sa chás go n-éilítear sin. Chomh maith leis sin, soláthraíonn ár líonra oifigí thar lear seirbhísí trí mheán na hOllainnise, na Gearmáinise, na Fraincise, na hIodáilise, na Spáinnise, na Rúisise agus sa Mhandairínis i láthair na huaire.

Tá líon teoranta foirne ag Bord Bia atá inniúil sa Ghaeilge agus níos lú arís le

hinniúlacht scríofa sa Ghaeilge.

Thug Grúpa Oibre Bord Bia atá comhdhéanta d'ionadaithe ó gach aon Roinn atá ag feidhmiú laistigh de Bhord Bia cuidiú leis an Scéim seo a dhréachtú. Mar thoradh ar sin, is iad tosaíochtaí na scéime seo:

- Feasacht a chruthú i measc na foirne maidir le hábhar agus cuspóir na scéime
- Cur le hinniúlacht sa Ghaeilge le cur ar chumas níos mó foirne cuidiú a thabhairt le fiosrúcháin a fhreagairt trí Ghaeilge laistigh de na srianta atá ar acmhainní faoi láthair.
- Measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar an leibhéal éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus chun a chinntiú go bhfreastalaítear orthu sin ar bhealach réalaíoch, pleanáilte, comhleanúnach ina mbeidh teacht ag daoine orthu.

Coinneoidh Foireann Bainistíochta Sinsearach Bhord Bia feidhmiú éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú.

Tosach Feidhme na Scéime

Tá an Scéim seo dearbhaithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh éifeacht leis an Scéim ón **27 Eanáir 2014** agus beidh feidhm léi ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh Scéim nua dearbhaithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is túsce.

2. Struchtúr Bhord Bia

2.1 Forléargas ar Bhord Bia

Is gníomhaireacht stáit é Bord Bia a bunaíodh faoin Acht um an mBord Bia 1994 agus a fheidhmíonn de réir fhorálacha Achtanna um an mBord Bia agus Achtanna Leasaithe 1994, 1995, 1996 & 2004 agus faoi choimirce an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ar fheidhmeanna an Bhoird beidh margaíocht Bia agus beostoc na hÉireann, agus táirgeadh, margaíocht agus tomhaltas táirgí gairneoireachta a chur chun cinn, cuidiú leo agus iad a fhorbairt in aon slí a shíleann an Bord sin a bheith cuí nó inmhianaithe.

Is é Ráiteas Misin Bhord Bia:

“Rathúlacht tráchtála earnáil bia, dí agus gairneoireachta den scoth na hÉireann a thiomáint i gcomhpháirtíocht leis an tionscal agus trí léargas ar an margadh.”

Tá tuilleadh curtha le misean Bhord Bia trí na **Sé Chuspóir Straitéiseacha** seo a leanas:

1. Cur go gníomhach le rathúlacht agus le forbairt thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann.
2. Tionchar dearfach a bheith ar dhearcaí i leith bia, dí agus gairneoireacht na hÉireann agus eolas orthu i measc tomhaltóirí agus ceannaitheoirí trádála inár spriocmhargaí.
3. Bord Bia a bhunú mar an chéad fhoinse do thaighde agus d’anailís mhargaidh údarásach, a sholáthróidh nasc idir deiseanna margaidh agus tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann.
4. Cur chuige comhoibritheach a stiúradh maidir le forbairt margaidh leis na príomhghníomhaireachtaí atá rannpháirteach ó thaobh bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a chur i láthair.
5. Freagairt go gníomhach do shaincheisteanna margaidh suntasacha a bhfuil tionchar acu ar an tionscal.
6. Luach ar airgead a sheachadadh ar chaiteachas.

Is iad seo a leanas **Tosaíochtaí Straitéiseacha** Bhord Bia mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2012 – 2014:

- **Cur le Cáil na hÉireann** – Forbairt a dhéanamh ar fhís comhroinnte na hÉireann mar cheannródaí domhanda i dtáirgeadh talmhaíochta agus bia atá sábháilte agus inbhuanaithe ag teacht le hionadú príomhúil in áit an mhargaidh agus é sin a chur i bhfeidhm agus a chur chun.
- **Cur le hlomaíochas** – Cur le hiomaíochas margaidh an tionscal trí sheasamh le cur chuige lánpháirtithe, láidreachtaí atá ann cheana a ghíaráil agus leas a bhaint as sineirge ar fud eárnálacha agus gnólachtaí; tacú le nuálaíocht; agus cur le cumas nuair is gá.
- **Cur le hOnnmhairí** – Láidriú a dhéanamh ar chumas chuideachtaí bia agus dí na hÉireann agus é a leathnú amach, á thiomáint trí léargas ar an margadh, chun cur le sciar brabúsach i margaí onnmhairí ardionchais roghnaithe.

- **Margadh Baile Bríomhar** – Tacú le agus an seasamh láidir atá ag an earnáil agraíoch i láthair na huairé laistigh de gheilleagar na hÉireann níos leithne a chur chun cinn.


2.2 Seirbhísí Bhord Bia

Feidhmíonn Bord Bia i gcomhpháirtíocht leis an tionscal le bia, dí agus gairneoireacht na hÉireann a chur chun cinn agus le margaí a fhorbairt ar mhaithe le buntáiste tráchtála. Is í ár n-aidhm cur le díolachán táirgí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann trí chaidreamh fadtéarmacha a fhorbairt idir chuideachtaí na hÉireann agus ceannaitheoirí trádála. Baintear é sin amach trí sheirbhísí croíláir a sheachadadh don chustaiméir, don cheannaitheoir trádála agus do na cuideachtaí bia agus dí Éireannacha féin.

- Feidhmíonn Bord Bia clár cuimsitheach le forbairt a dhéanamh air agus le teagmháil idir cheannaitheoirí idirnáisiúnta agus cuideachtaí Éireannacha a chothú. Áirítear ansin rannpháirtíocht i dtaispeántais trádála móra idirnáisiúnta.
www.bordbia.ie/eventsnews/pages/tradefairs.aspx
- Déanann Bord Bia forbairt ar chláir cur chun cinn le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí margaidh, a chuireann raon réitigh cruthaitheacha ar fáil le sainiúlacht agus le tús iomaíoch a sholáthar.
- Braitheann rathúlacht tráchtála ar eolas iontaofa agus ar na teagmhálacha cearta. Déanann Bord Bia cothabháil ar raon seirbhísí eolais le heolas cuimsitheach ar threochtaí margadh domhanda a sholáthar.
www.bordbia.ie/industryservices/information/pages/default.aspx
- Tá cáil bhia agus dí na hÉireann ríthábhachtach. Spreagann Bord Bia forbairt cláir le hionracas bia agus dí na hÉireann a chosaint.

Chomh maith leis an méid atá luaite thuas soláthraíonn Bord Bia na seirbhísí mar atá leagtha amach in Aguisín 1.

2.3 Cairt Eagraíochta



Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn réimse seirbhísí a bhíonn riachtanach chun polasaí agus clár an Bhoird a fheidmiú. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá cúig Fho-Bhord ann (Feoil & Beostoc, Déiríocht, Bia Tomhaltóirí, Dearbhú Cáilíochta agus Gairneoireacht) comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta a cheapann an Bord le toiliú an Aire. Bíonn Cathaoirleach gach Fo-Bhord mar chomhalta den Bhord.

Tá an struchtúr foirne reatha le fáil i dTuarascáil Bhliantúil Bhord Bia ag:

<http://www.bordbia.ie/aboutus/reports/pages/annualreports.aspx>

3. Feabhsú ar na Seirbhísí a chuirfear ar fáil sa Dá Theanga – An Chéad Scéim

3.1 An Cúlra

Feidhmeoidh Bord Bia Scéim de bhearta atá dírithe ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge de réir téarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Níl aon fhoráil ginearálta déanta ag Bord Bia go dtí seo mar ghníomhaireacht stáit idir-ghnólachtaí le seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar agus is beag éileamh atá faighte aige le seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil. Cé go bhfuil líon beag foirne ann le hinniúlacht phearsanta sa Ghaeilge a d'fhéadfadh seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar, ní aon socruithe foirmiúla i bhfeidhm. Fostaítear seirbhísí aistriúcháin seachtrach chun tacú le riachtanais aistriúcháin de réir mar a bhíonn gá leo.

Tá leibhéal díograis i leith na Gaeilge i measc na foirne, áfach, a chiallaíonn toilteanas cur lena gcuid saineolais ar an teanga. Rinne Acmhainní Daonna suirbhé ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar leibhéal na hinniúlachta sa Ghaeilge agus, ar riachtanais oiliúna Bhord Bia chun cur leis sin.

Tá Bord Bia, thar thréimhse na Scéime seo agus Scéimeanna amach anseo, tiomanta do chur lena chumas agus le rochtain do chuideachtaí bia agus dí agus do ghnólaicthe maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is ionann é seo agus tionscadal fadtéarmach mar go bhfuil téarmaí tagartha Bhord Bia leathan agus casta. Cuireann Bord Bia seirbhísí ar fáil d'fhiontair fheirme agus do raon leathan cuideachtaí atá bainteach leis an tionscal bia, dí agus gairneoireachta. Soláthraíonn Bord Bia na seirbhísí sin trína chuid oifigí i mBaile Átha Cliath agus trí deich n-oifig thar lear. Sa chomhthéacs seo, tá sé tábhachtach nach ndéanfaí cur isteach ar an tseirbhís ghairmiúil atá á sholáthar i láthair na huaire ag foireann Bhord Bia feadh raon leathan réimsí freagrachta. Déanfar cur chun cinn ar bhonn céimnithe ar an tionscadal foriomlán le freastal ar cheanglais reachtúla. Tá Bord Bia tiomanta, áfach, d'áit a chruthú don Ghaeilge laistigh den eagraíocht.

3.2 Gnéithe na Scéime

Oiliúint agus Forbairt

Tá tiomantas leanúnach ann d'oiliúint agus d'fhorbairt chuí a chur ar fáil don fhoireann go léir le freastal ar riachtanais custaiméirí a thagann chun cinn agus le cumas na foirne a fhorbairt an méid is fearr is féidir le linn a gairme le Bord Bia.

Cinntoidh Forbairt & Oiliúint Foirne:

- Go mbeidh dóthain faisnéise a chur ar fáil don fhoireann agus don fhoireann nua trí ionduchtú agus:
 - go dtuigfidh siad comhthéacs agus cúlra na Scéime;
 - go dtuigfidh siad an gá atá ann le Scéim dháttheangach a fheidhmiú;
 - go bhfuil siad ar an eolas go hiomlán maidir leis an tionchar a bheidh ag an Scéim ar a gcuid oibre agus ar an áit a mbeidh cúnaimh le fáil acu.
- Suim i gcúrsaí oiliúna Gaeilge a chur chun cinn trí thacaíocht a chur ar fáil do raon roghanna oiliúna leis an fhoireann a spreagadh agus chun tacú leo freastal ar chúrsaí den chineál sin.
- Tá suim léirithe ag líon foirne le líofacht réasúnta sa Ghaeilge a bheith rannpháirteach i dtionscnamh a bhaineann le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, má fhreastalaítear ar (m.sh. téarmaíocht gnó ginearálta agus saintearmaíocht) ar riachtanais shainiúla oiliúna. Déanfaidh Bord Bia éascú ar an riachtanas seo agus eagrófar oiliúint trí leithdháileadh a dhéanamh ar chion den bhuiséad oiliúna le freastal ar riachtanais den chineál sin.
- Ag brath ar thoradh an méid atá luaite thuas agus i gcomhthéacs na Scéime seo, déanfaidh Acmhainní Daonna éascú ar chlár oiliúna Gaeilge atá dírithe ar shainriachtanas seirbhíse do chustaiméirí do ranna agus réimsí oibre éagsúla a bhíonn ag déileáil le custaiméirí a mbíonn seirbhís duine ar dhuine trí Ghaeilge á lorg acu.
- Déanfar forbairt ar oiliúint agus ar threoirínite maidir le tiomantais faoin Scéim seo agus scaipfear i measc na foirne laistigh de Bhord Bia iad.
- Cinntoidh Bord Bia go spreagfar an fhoireann go léir agus go dtabharfar gach deis dóibh feabhas a chur ar a gcuid scileanna Gaeilge trí chúrsaí oiliúna agus forbartha le súil agus feabhas a chur ar an tseirbhís trí Ghaeilge a chuirtear ar fáil.
- D'fhéadfadh sé go mbreithneodh Bord Bia am saor in ionad a thabhairt d'oifigigh a fhreastalaíonn ar chúrsaí Gaeilge lasmuigh de ghnáthuaire oibre.

Earcaíocht agus Socrúchán

D'ainneoin srianta an moratorium ar earcú foirne agus riachtanais teanga inár n-oifigí thar lear, déanfaidh Acmhainní Daonna athbhreithniú ar ár bpolasaí earcaíochta le húsáid na Gaeilge a thabhairt san áireamh mar chritéar atá le breithniú le linn earcaíochta.

Cumarsáid ó Bhéal

- Tabharfaidh an fhoireann fáiltithe ainm na hoifige i nGaeilge agus i mBéarla agus beidh na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge ar eolas acu. Feidhmeofar socruithe oiriúnacha chun a chinntiú go mbeidh ar a gcumas cuideachtaí agus gnólachtaí bia agus dí a chur i dteagmháil le hoifigeach atá inniúil sa Ghaeilge, sa chás go bhfuil a leithéid sin ar fáil, nó chun a chinntiú go mbeidh freagra á chur ar fáil gan mórán moille.
- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn trí thionscnamh a éascú leis an fhoireann a spreagadh le cumarsáid ó bhéal trí Ghaeilge a chothú.
- Ionchorpróidh imeachtaí poiblí ardphróifíle gné an dátheangachais sna himeachtaí mar chuid d'iarrachtaí Bord Bia leis an nGaeilge a chur chun cinn go dearfach sa phobal.
- Coinneoidh Cumarsáid Chorporáideach Bhord Bia taifead ar fhoireann a mbeadh ar a gcumas agallaimh teilifíse agus raidió a dhéanamh trí Ghaeilge.

Doiciméid Scríofa

- De réir Alt 9(2) den Acht, ní mór gach litir, ríomhphost agus faics a fhaigheann Bord Bia i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge.
- Aithneoidh Bord Bia na foirmeacha agus na scéimeanna a d'fhéadfadh a bheith níos ábhartha do chustaiméirí as limistéir ina labhraítear Gaeilge. Socróidh Bord Bia aistriúchán agus foilsíú na ndoiciméad cuí faoi dheireadh na Scéime.
- Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla i láthair na huairé i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna ar láithreán gréasáin Bhord Bia. Soláthrófar gach foilseachán nua maidir le Seirbhísí Bord Bia i mBéarla agus i nGaeilge faoi bhliain a trí den Scéim seo.
- Cinnteoidh Bord Bia go bhfoilseofar doiciméid polasaí ollmhóra i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna ar láithreán gréasáin Bhord Bia faoi dheireadh bliain a dó den Scéim seo.
- Cinnteoidh Bord Bia agus aird á thabhairt ar nádúr ár bPreaseisiúintí, go n-eiseofar thart ar 10% dár bPreaseisiúintí a bhaineann le himeachtaí ar mhargadh na hÉireann i nGaeilge agus i mBéarla faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim seo.
- Cuirfear óráidí nó ráitis a thugann an tAire, chomh maith le hóráidí a thugann oifigigh sinsearacha, ar fáil sa teanga(teangacha) inar tugadh iad.

Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide

- Níl mionsonraí na seirbhísí ar fáil ar láithreán gréasáin Bhord Bia i nGaeilge i láthair na huairé. Dé réir mar a chuirtear seirbhísí nua ar fáil, soláthróidh Bord Bia mionsonraí achomair ar an láithreán gréasáin i nGaeilge agus i mBéarla araon faoi dheireadh na Scéime.
- Cuirfidh Bord Bia, i gcomhar le hathdhearadh an láithreáin ghréasáin, leis an acmhainn sa chóras bainistíochta inneachair gréasáin, le tuilleadh réimsí den láithreán gréasáin a chur ar fáil go dhátheangach i scéimeanna amach anseo.
- Beidh gach séanadh caighdeánach nó teachtaireacht ar chomhfhreagras ríomhphoist dhátheangach faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim seo.
- Bunóidh Bord Bia seoladh ríomhphoist cineálach trína aonad Seirbhísí Eolais Straitéiseacha d'fhiosrúcháin i nGaeilge faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim seo.
- Ní dhéanann Bord Bia soláthar faoi láthair ar sheirbhísí dhátheangach ar líne do chuideachtaí agus do ghnólachtaí bia agus dí ach feidhmeofar socruithe le linn tréimhse na scéime chun éascú a dhéanamh ar iarratais ar thriail trí mheán na Gaeilge.

An Ghaeltacht/Logainmneacha

Bainfidh Bord Bia úsáid ag logainmneacha oifigiúla na gceantar Ghaeltachta mar atá dearbhaithe ag an Aire sna hOrduithe Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) chun críocha oifigiúla.

4. Athbhreithniú agus Monatóireacht

Is ar an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí a bheidh an fhreagracht ar dheireadh thiar thall, *a mbeidh tuarascálacha á fháil acu ar fheidhmiú na scéime*, maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim.

Tá an tionscnamh seo a leanas molta ar mhaithe lena chinntiú go bhfeabhsaítear leibhéal ginearálta na hinniúlachta sa Ghaeilge i measc fhoireann Bord Bia agus a chumas seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge don phobal araon le linn tréimhse na Scéime.

- Tá tús curtha ag Bord Bia leis an gcéad suirbhé ar inniúlacht na Gaeilge i measc na foirne i mBord Bia. Bainfear úsáid as torthaí an tsuirbhé seo agus as suirbhéanna ina dhiaidh sin le heolas a chur ar fáil do ghníomhartha le cumas na teanga laistigh de Bhord Bia a fhorbairt.
- Tabharfar eolas don fhoireann (lena n-áirítear an t-inlíon) maidir le raon na ranganna Gaeilge atá ar fáil.
- Bunóidh Bord Bia córas monatóireachta le súil a choinneáil ar shaincheisteanna soláthair agus éilimh ar sheirbhísí Gaeilge ar fud gach réimse de Bhord Bia, le súil leis na réimsí ina bhfuil an t-éileamh/tosaíocht is mó a aithint agus le hiarracht a dhéanamh le soláthar agus éileamh a mheaitseáil le seirbhísí áirithe trí Ghaeilge.
- Cuirfear raon litreacha caighdeánacha ar fáil i nGaeilge ar an inlíon don fhoireann. Breithneofar freisin ghluais d'fhocail agus de théarmaí cuí a d'fhéadfaí a úsáid i ndéileáil le custaiméirí, a chur ar fáil i nGaeilge ar an inlíon. Cuirfear uirlisí profaithe bogearraí Gaeilge (m.sh. tá seiceálaí litrithe, foclóir leictreonach agus táirgí Microsoft ar fáil) ar fáil don fhoireann atá ag obair trí Ghaeilge.

Beidh ról leanúnach ag an Oifigeach Gaeilge ó thaobh monatóireacht a dhéanamh air, tacú le agus feidhmiú na Scéime a thiomáint chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Beidh an céatadán d'fhoireann Bhord Bia a bheidh rannpháirteach in oiliúint mar tháscaire ar an dul chun cinn chun cur leis an gcumas atá againn cheana le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Beidh líon na bpreaseisiúintí i nGaeilge atá san áireamh sna foilseacháin ábhartha mar léiriú eile ar dhul chun cinn sa réimse seo.

5. Foilsiú na Scéime Comhaontaithe

Foilseofar ábhar na scéime seo mar aon le tiomantais agus soláthairtí na scéime don phobal i gcoitinne trína bealaí seo a leanas:-

- Phreaseisiúint
- Fógraíocht ar sholáthairtí trí láithreán gréasáin Bhord Bia.

Cuireadh cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga freisin.

Is ionann an leagan Béarla den Scéim seo agus an leagan oifigiúil.

Aguisíní

Aguisín 1 – Seirbhísí Bhord Bia chomh maith leo siúd atá leagtha amach in 2.2 thuas

Seirbhísí atá ar fáil ar éileamh

Cuireann Bord Bia eolas ar fáil do chuideachtaí agus do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann ar bhonn laethúil ónár n-oifigí i mBaile Átha Cliath agus thar lear.

Seiceálacha stóir/Aisghabháil Táirge

D'fhéadfadh Bord Bia cuairt a thabhairt ar mhiondíoltóirí sna cathracha móra sin ina bhfuilimid lonnaithe agus tuarascálacha a sholáthar ar tháirgí atá i stoc agus ar na praghsanna in ionaid mhiondíola comhaontaithe. Is féidir samplaí a cheannach agus a chur ar ais chun na hÉireann ar a chostas má éilítear sin. Le mionsonraí a aimsiú maidir le suíomhanna oifigí faoi láthair, féach:

<http://www.bordbia.ie/aboutus/contact/Pages/default.aspx>

Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta

Cuireann Bord Bia scéimeanna dearbhaithe cáilíochta ar fáil do na hearnálacha seo a leanas: mairteoil, uaineoil, muiceoil, éanlaith, uibheacha agus gairneoireacht. Tá scéimeanna dearbhaithe cáilíochta Bord Bia á gcreidiúnú chun na gnáthaimh idirnáisiúnta, go sonrach EN45011. Tá ról bunúsach ag dearbhú cáilíochta maidir le cur chun cinn bia agus gairneoireacht agus cuireann sé ardán ar fáil chun go bhféadfaí cáilíocht agus tionscnamh na dtáirgí a chur chun cinn i measc tomhaltóirí.

Is féidir le cuideachtaí agus le táirgeoirí iarratas a dhéanamh le dul isteach sna Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta sna ceantair sin ina bhfuilimid ag feidhmiú.

www.bordbia.ie/aboutfood/quality

Eolas Margaíochta

Tá Bord Bia ag bailiú eolais maidir le margaí bia, dí agus gairneoireachta ó thart timpeall an domhain ar bhonn leanúnach, agus tá ar a chumas, faoi réir ag srianta cóipchirt, an t-eolas seo a roinnt le cuideachtaí. Is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig info@bordbia.ie nó foirm a chomhlánú ag www.bordbia.ie/aboutus/contact/pages/siteenquiry.aspx a leagan amach an t-ábhar a bhfuil spéis agat ann agus cad a d'fhéadfadh an t-eolas a chur ar do chumas a dhéanamh.

Foilsíonn Bord Bia tuarascálacha atá ar fáil ar a láithreán gréasáin agus *Food Alert* ar bhonn seachtainiúil a thugann eolas duit maidir le forbairtí tionscal ó thart timpeall an domhain agus is féidir teacht air sin ag www.bordbia.ie/industryservices/information/alerts

Seirbhísí faoi réir ag buiséad

Ní mór do chuideachtaí láimhdeachas sa bhreis ar €1m a bheith acu sa bhliain airgeadais roimhe sin, chun cáiliú do chúnaimh faoin gceannnteideal seo, agus éileoidh aon chúnaimh ó Bhord Bia ar an gcuideachta a léiriú nach bhfuil an uasteorainn do chúnaimh *de minimis* bainte amach acu le trí bliana anuas.

• **Seirbhís Cruthú Branda**

Is ionann an tseirbhís seo agus cleachtadh praiticiúil céim ar chéim do chuideachtaí a bhfuil deis mhargaidh aitheanta acu agus a dteastaíonn uathu tabhairt faoi phróiseas chun cur le láithreach bhrandáilte atá brabúsach agus inbhuanaithe.

- **Seirbhís Iniúchta Branda**

Is é cuspóir an Iniúchta Branda meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht branda sa mhargadh. Tugann sé deis do chuideachtaí féachaint an dara huair ar conas an caidreamh atá ag tomhaltóirí le do Bhranda a láidriú. Rinne Bord Bia, forbairt le linn na bliana 2012, ar leabhair oibre bhrandála, léargais agus nuálaíochta chun éascú a dhéanamh ar an bpróiseas sin.

- **Seirbhís Straitéiseach Deartha Branda (Pacáistiú)**

Cuireann an tseirbhís seo cur chuige straitéiseach ar fáil don tasc cumarsáide branda. Is í an aidhm brandaí bia agus dí le réiteach deartha straitéiseach a sholáthar a dhéanfaidh cumarsáid ar aitheantas, buntáistí agus luachanna branda, a chruthóidh pointe difríochta riachtanach, agus ag an am céanna a dhéanfaidh seachadadh ar bhranda den scoth a sheasann amach ar an tseif.

- **Seirbhís Chumarsáide**

Is é an cuspóir atá leis an tseirbhís chumarsáide atá á cur ar fáil do chuideachtaí ná íomhá dearfach den chuideachta sin, dá branda nó dá táirgí a chruthú dá custaiméirí trí chlár gníomhaíochta atá spriocdhírthe, pleanáilte agus leanúnach.

- **Seirbhís Mhargaíochta Dhigiteach**

Tá an domhan ar líne ag fáil níos tábhachtaí do phróifíl branda agus do chumarsáid tomhaltóra do bhrandaí *Fast Moving Consumer Goods* (FMCG). Is é an cuspóir atá le seirbhís mhargaíochta dhigiteach ná íomhá dhearfach i dtimpeallacht ar líne a chruthú do chuideachtaí. Baintear é sin amach tríd an mbranda a cur chun cinn agus/nó táirgí chuig a chuid custaiméirí trí chlár gníomhaíochta atá spriocdhírthe, pleanáilte agus leanúnach. D'fhéadfadh an tseirbhís cuidiú le forbairt a dhéanamh ar láithreáin ghréasáin cuideachta freisin.

- **Seirbhís Blaiste**

Is é an cuspóir le seirbhís blaiste ná deis a chur ar fáil chun a chinntiú go seoltar forbairtí táirge nua go maith. Is ionann blaiseadh a thabhairt do thomhaltóir ar tháirge agus an chéad chéim le dílseacht tomhaltóirí a fháil. D'fhéadfadh sé go gcuirfí céatadán de chostas an phearsanra ar fáil le seirbhís blaiste a sheachadadh.

- **Seirbhís foresight4food**

Is clár atá anseo atá deartha le cuideachtaí a spreagadh le cur chuige tomhaltóir-lárnach a thógáil i leith a ngnó trí léargas tomhaltóra a lorg d'fhorbairt táirge agus branda. Oibreoidh Bord Bia clár oiriúnach amach duit agus feidhmeoidh siad le soláthróirí seirbhíse oiriúnacha a roghnú.

- **Dearadh gréasáin**

Is féidir le Bord Bia oibriú leat le moltaí a fháil ó sholáthróirí oiriúnach ar mhaithe le dearadh gréasáin a oireann laistigh de chomhthéacs plean margaíochta foriomlán.

- **Seirbhísí saincheaptha**

Tá Bord Bia toilteanach an ghníomhaíocht atá beartaithe agat a phlé leat chun a chinneadh cibé a mbeadh sé ar ár gcumas tú a threorú chuig soláthróirí seirbhísí oiriúnacha.

Cláir Mhiondíola

Soláthraíonn an clár seo sraith imeachtaí do chuideachtaí ar spéis leo cur chuige níos struchtúraithe i leith custaiméirí miondíola na hÉireann agus na Breataine.

An Fóram Branda

Cuireann an Fóram Brandaí deis líonraithe agus foghlama den scoth ar fáil do ghairmithe margaíochta an tionscal do chomhaltaí cuideachta agus áirítear ceardaithe, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEnna) agus an earnáil ilnáisiúnta ansin. Reáchtáiltear sraith imeachtaí ar bhonn ráithiúil a dhíríonn ar shaincheisteanna a bhaineann le brandaí a chruthú agus a bhainistiú. Tá táille bliantúil i gceist, an brath ar leibhéal láimhdeachais, do chomhaltacht chorparáideach agus tá suas go dtí triúr feidhmeannaigh ainmnithe i dteideal freastal. Is féidir le comhaltaí, faoi réir ag critéar áirithe, leas a bhaint as meantóireacht duine ar dhuine agus/nó seiceálacha sláinte branda freisin.

An Clár Comhaltachta

Is ionann **Comhaltacht Margaíochta** Bhord Bia agus clár céimí saindírithe tráchtála chun cúnamh a thabhairt do chuideachtaí dul isteach agus tosú sna margaí onnmhairithe. Faoin gclár seo tugann céimithe faoi shannacháin tráchtála do chuideachta bia agus dí Éireannach i margaí thar lear.

Soláthraíonn an **Clár Fáis Straitéisigh** dhá bhliain atá oscailte do chéimithe an Chláir Comhaltachtaí Margaíochta agus d'fheidhmeannaigh sinsearacha chuideachtaí bia agus dí na hÉireann creat oibre d'fhorbairt ghairme atá deartha le cur le hacmhainní ceannaireachta thionscal bia agus dí na hÉireann.

Is ionann an **Clár Céimí Onnmhairí Bia** agus clár socrúcháin 18 mí a bhfuil forbairt déanta ag Bord Bia air i gcomhpháirtíocht le hIBEC, agus chuaigh 15 céimí ar shocrúchán le cuideachtaí onnmhairithe chun cuidiú lena n-acmhainní thar lear a fhorbairt.

Turais Inspioráide

Is cuairteanna iad seo atá deartha le smaointeoireacht as an nua a spreagadh maidir le do ghnó. Beidh tú nochta do chultúir agus do thraidisiúin éagsúla a thabharfaidh inspioráid maidir le cleachtais nó le táirgí nua san earnáil bia agus dí a bheidh ar do chumas é sin a thabhairt ar ais chuig do ghnó féin.

Dreasacht Airgid (An Clár Cúnaimh Margaíochta)

Clár atá anseo le maoiniú teoranta lenar féidir cúnamh airgead a thabhairt i gcomhthéacs plean margaíochta don bhliain féilire. Tá sé seo oscailte do chuideachta le láimhdeachas faoi €3.5m sa bhliain airgeadais roimhe sin. Ní mór gach iarratas don chaiteachas atá beartaithe sa bhliain atá amach romhainn a sheoladh isteach faoi mhí Feabhra agus eiseofar ceadanna faoi dheireadh mhí Aibreán.

Marketplace International/Seó Bóthair

Soláthraíonn *Marketplace* deis le casadh le ceannaitheoirí spriocdhírithé agus le do ghnó a chur i láthair mar chomhpháirtí nua a d'fhéadfadh a bheith ann. Is iad cuspóirí lárnacha *Marketplace International* acmhainn onnmhairithe thionscal bia agus dí na hÉireann a chur i láthair ceannaitheoirí atá ann agus ceannaitheoirí nua; cur le caidreamh trádála nua agus caidreamh trádála a bhfuil brí leis, agus ag an am céanna ceangal láithreach a ghiniúint le ceannaitheoirí atá meaitseáilte roimh ré agus le ceannaitheoirí roghnaithe.

An Margadh Bia ag Bloom

Tá stáiníní do ghnólachtaí bia a dhíolann a gcuid earraí go díreach leis an bpobal ar fáil ag Bloom, an fhéile garraíodóireachta is mó le rá in Éirinn.

Food Dudes

Tacaíonn Clár *Food Dudes Healthy Eating* le dearcadh dearfach i leith torthaí agus glasraí a ithe i measc leanaí ag am ina bhfuil leibhéil raimhre óige ag ardú.

Aguisín 2 – Cairt Seirbhíse

Ráiteas Misin

“Rathúlacht tráchtála earnáil bia, dí agus gairneoireachta den scoth na hÉireann a thiomáint i gcomhpháirtíocht leis an tionscal agus trí léargas ar an margadh.”

Cairt Chustaiméirí

Táimid tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtúil agus chúirtéiseach a sholáthar dár gcustaiméirí. Is é cuspóir na Cairte Custaiméirí seo cur síos a dhéanamh ar chineál agus ar ardchaighdeán na seirbhísí ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leis ó Bhord Bia. Caithfimid le meas, dínit, gairmiúlacht agus éifeachtúlacht lenár gcustaiméirí go léir, agus, éilítear ar ár gcustaiméirí caitheamh le foireann Bhord Bia agus lena chéile ar an mbealach céanna. Tagraíonn an téarma ‘custaiméirí’ do: - cliantchuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, gnólachtaí, feirmeoirí agus geallshealbhóirí. Baineann na caighdeáin sin freisin le geallshealbhóirí eile a bhfuilimid i dteagmháil leo, lena n-áirítear, an pobal i gcoitinne, Ranna Rialtais, comhpháirtithe lárnacha agus na meáin. (Nóta: níl sé i gceist le foilseachán Cairt Chustaiméirí aon chearta dlíthiúla nua a chruthú do chustaiméirí.)

Is féidir rochtain a fháil ar lán téacs Cairt Chustaiméirí Bord Bia ag:

<http://www.bordbia.ie/aboutus/pages/servicecharter.aspx>

Is féidir rochtain a fháil ar shuíomh oifigí Bhord Bia ag:

<http://www.bordbia.ie/aboutus/contact/Pages/default.aspx>